

Níl iontu seo ach samplaí. Cuimhnigh, le do thoil, nach gá go gcuirfí stop de do cheapachán má aithnítear comhlint. Ba chóir duit machnamh cúramach a dhéanamh ar do dhálaí féin lena shocrú cé acu atá coimhlint fhíor, bhraite nó fhéideartha ann, agus bheith réidh lena plé leis an Phainéal Roghnúcháin ag an agallamh.

Fiú mura bhfuil aon choimhlintí aitheanta agat agus tú ag cur isteach ar an phost, cuirfear ceist ort go fóill faoin cheist má chuirtear agallamh ort.

Cneastacht

Caithfidh aon duine atá ag cur isteach ar cheapachán poiblí prionsabal na cneastachta a thuiscint agus bheith tiomanta dó. Cuirfear ceist ort faoi sin ag an agallamh.

Aiseolas

Féadfaidh tú aiseolas a lorg ar thoradh d'iarratais ón Roinn atá ag reáchtáil an chomórtais cheapachán poiblí seo. Sa phaca iarratais seo, tá sonraí teagmhála ábhartha. Is féidir aiseolas a thabhairt i scríbhinn, trí ríomhphost nó ar ghuthán. Fút féin atá sé. Ba chóir go mbeadh sé úsáideach, gan bhéarlagair agus bunaithe ar mheasúnú an phainéil roghnúcháin. Amharc, le do thoil, ailt 3.48 agus 3.49 den Chód Cleachtas.

CCPTÉ

An Coimisinéir um Cheapacháin Phoiblí do Thuaisceart Éireann

Judena Leslie, Coimisinéir

Go raibh maith agat as ucht do spéise sa cheapachán seo.

Tá ról tábhachtach ag comhlachtaí poiblí i saol gach duine. I measc rudaí eile, cuidíonn siad lenár seirbhísí sláinte agus cúram sláinte a reáchtáil, lenár seirbhísí oideachais a shocrú agus le réimse leathan seirbhísí sóisialta, eacnamaíocha, cultúrtha agus comhshaoil a chur ar fáil. De ghnáth tugtar ceapacháin poiblí ar cheapacháin ar bhoird chomhlachtaí poiblí.

Airí Rialtais aonair a dhéanann Ceapacháin Phoiblí. Ma chinneann tú cur isteach ar cheapachán poiblí, is iad státseirbhísigh sa Roinn ábhartha a phléifidh le d'iarratas, agus d'fhéadfadh comhairleoir earcaíochta bheith páirteach ar uairibh. Cibé a phléann leis an chomórtas, is mise, mar Choimisinéir um Cheapacháin Phoiblí do Thuaisceart Éireann, a dhéanfaidh maoirseacht air. Rialaím an próiseas ach ní bhím páirteach i gcomórtas faoi leith.

Ní mór do Ranna mo 'Cód Cleachtais maidir le Ceapacháin Airí do Chomhlachtaí Poiblí i dTuaisceart Éireann' a leanúint, lena chinntiú go bhfuil ceapacháin déanta de bhua tuillteanais, i ndiaidh comórtas cothrom agus oscailte. Clúdaíonn an Cód Cleachtais ceapacháin Airí do réimse leathan bord agus comhlacht poiblí. Is féidir liosta iomlán a fháil ar shuíomh gréasáin CCP TÉ. Tá an Cód Cleachtais ansin chomh maith.

www.publicappointmentsni.org

Gearán a Dhéanamh

Má chuireann tú isteach ar cheapachán poiblí, agus más dóigh leat nár pléadh i gceart leat, féadfaidh tú gearán a dhéanamh.

Tá mise freagrach as gearáin faoi cheapacháin poiblí a fhiosrú. Breathnóidh mé ar an phróiseas a úsáideadh le ceapachán a dhéanamh agus an dóigh ar láimhseáladh iarratas.

Ba chóir duit do bhuartha a chur in iúl ar dtús don roinn ábhartha. Más amhlaidh, i ndiaidh duit freagra a fháil, go mothaíonn tú go fóill nár pléadh i gceart leat, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh liom ag an tseoladh thíos:

An Coimisinéir um Cheapacháin Phoiblí do Thuaisceart Éireann
Teach Dhún Dónaill, Annexe B,
Bóthar Bhaile Nua na hArda Uachtarach, Béal Feirste, BT4 3SB
Teil: 028 905 24820
Ríomhphost: info@publicappointmentsni.org

Treoir maidir le Coimhlintí Leasa agus Cneastacht

Mar chuid den phróiseas measúnaithe faoi choinne ceapachán poiblí, fiafrófar díot an eol duit aon choimhlint leasa fhéideartha a bhaineann leis an cheapachán sin. Ní bac i gcónaí iad coimhlintí leasa ar cheapachán. Ach, caithfidh an painéal roghnúcháin coimhlintí fóra, braite agus féideartha a fhiosrú lena chinntiú gur féidir leis an phobal muinín a bheith acu as neamhspleáchas agus as neamhchlaontacht an bhoird agus as do cheapachán ar an bhord sin.

Le léargas a thabhairt duit ar a bhféadfadh bheith ina choimhlint leasa, seo cuid samplaí de réimsí a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le coimhlint fhíor nó bhraite:

- is tú an stiúrthóir ar ghnólacht tógála agus déanann an bord ar a bhfuil tú ag lorg ceapacháin gnásanna soláthair ar bhonn rialta faoi choinne ábhair thógála - *d'fhéadfá leas pearsanta a bhaint as cinntí a dhéanann an bord*
- is bainisteoir thú in eagraíocht dheonach agus breithníonn an bord ar a bhfuil tú ag lorg ceapacháin a iarratais ar mhaoiniú - *d'fhéadfadh an t-eagras dá n-oibríonn tú leas airgeadais a bhaint as cinntí a dhéanann an bord*
- san am a chuaigh thart thug tú nó thug tú ar iasacht cistí suntasacha don pháirtí pholaitiúil lena mbaineann an tAire atá ag déanamh an cheapacháin - *d'fhéadfaí breathnú ar do cheapachán mar chúiteamh as garanna san am a chuaigh thart*